II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2070 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Lúnasa 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 chun Camarún agus Vítneam a chur le liosta na dtríú tíortha ardriosca

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ([1]) ón gCoimisiún, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní mór don Aontas a áirithiú go ndéanfar cosaint éifeachtach ar shláine agus ar fheidhmiú cuí a chórais airgeadais agus an mhargaidh inmheánaigh ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta. Dá bhrí sin, foráiltear le Treoir (AE) 2015/849 go ndéanfaidh an Coimisiún dlínsí tríú tíortha a shainaithint a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu ina gcóras féin maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT), ar bagairtí móra iad ar chóras airgeadais an Aontais ('tríú tíortha ardriosca').

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún ([2]), sainaithnítear tríú tíortha ardriosca a bhfuil easnaimh straitéiseacha acu.

(3) I bhfianaise leibhéal ard an chomhtháthaithe sa chóras airgeadais idirnáisiúnta, an dlúthnaisc idir oibreoirí margaidh, an líon ard idirbheart trasteorann chuig an Aontas agus ón Aontas, mar aon le leibhéal oscailteachta an mhargaidh, is bagairt ar chóras airgeadais an Aontais freisin í aon bhagairt AML/CFT ar an gcóras airgeadais idirnáisiúnta.

(4) De bhun Airteagal 9(4) de Threoir (AE) 2015/849, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, agus tríú tíortha ardriosca á sainaithint aige, meastóireachtaí, measúnuithe nó tuarascálacha ábhartha arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag lucht leagtha síos caighdeán a bhfuil inniúlacht acu maidir le cosc a chur le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Áirítear san fhaisnéis sin ráitis phoiblí ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF), liosta FATF de 'Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu', agus tuarascálacha FATF ón nGrúpa Athbhreithnithe um Chomhar Idirnáisiúnta maidir leis na rioscaí a bhaineann le tríú tíortha aonair.

([1]) IO L 141, 5.6.2015, lch. 73.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1).

(5) Ó rinneadh na leasuithe deireanacha ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675, rinne FATF a liosta de 'Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu' a thabhairt cothrom le dáta. Ag an gcruinniú iomlánach a bhí aige idir an 21 agus an 23 Meitheamh 2023, rinne FATF a liosta de 'Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu' a thabhairt cothrom le dáta trí Chamarún agus Vítneam a chur leis an liosta sin. I bhfianaise na n-athruithe sin, rinne an Coimisiún measúnú chun tríú tíortha ardriosca a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849.

(6) I mí an Mheithimh 2023, rinne Camarún gealltanas polaitiúil ardleibhéil oibriú le FATF agus le *Groupe d'Action Contre le Blanchiment d'Argent en Afrique Centrale* (GABAC), arb é a chomhlacht réigiúnach de chineál FATF é, chun éifeachtacht a chórais AML/CFT a neartú. Ó glacadh a thuarascáil mheastóireachta frithpháirtí i mí Dheireadh Fómhair 2021, tá dul chun cinn déanta ag Camarún maidir le cuid de na gníomhaíochtaí a moladh sa tuarascáil meastóireachta frithpháirtí trí acmhainní an aonaid um fhaisnéis airgeadais (AFA) a mhéadú agus trí chumas na n-údarás imscrúdaithe agus na gcomhlachtaí breithiúnacha a fhorbairt chun cásanna sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta a threorú go héifeachtach. Oibreoidh Camarún chun a phlean gníomhaíochta FATF a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) straitéisí agus beartais náisiúnta AML/CFT a ailíniú le torthaí an mheasúnaithe riosca náisiúnta agus trí fhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme, agus trí chomhar agus comhordú AML/CFT idir údaráis inniúla a léiriú; (2) tosaíocht rioscabhunaithe a áirithiú maidir leis na hiarrataí ar chomhar idirnáisiúnta atá ag teacht isteach i gcomhréir le rioscaí agus trí fhreagairt éifeachtach a thabhairt orthu; (3) feabhas a chur ar mhaoirseacht rioscabhunaithe ar bhainc agus trí mhaoirseacht rioscabhunaithe éifeachtach a chur chun feidhme d'institiúidí airgeadais neamhbhainc agus do ghnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe, agus teagmháil for-rochtana iomchuí a dhéanamh le hinstitiúidí airgeadais ardriosca agus gnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe; (4) rochtain thráthúil údarás inniúla ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil leordhóthanach agus cothrom le dáta i ndáil le daoine dlítheanacha a choinneáil ar bun agus a áirithiú, agus córas smachtbhannaí a bhunú i leith sáruithe ar oibleagáidí trédhearcachta is infheidhme maidir le daoine dlítheanacha; (5) feabhas a chur ar mhalartú slán faisnéise idir AFA, na heintitis tuairiscithe agus na húdaráis inniúla agus trí mhéadú ar scaipeadh tuarascálacha faisnéise a léiriú chun tacú le riachtanais oibríochtúla na n-údarás inniúil; (6) a léiriú go bhfuil údaráis in ann réimse imscrúduithe sciúrtha airgid a dhéanamh, agus sciúradh airgid a ionchúiseamh i gcomhréir le rioscaí; (7) beartais agus nósanna imeachta a chur chun feidhme maidir le fáltais agus ionstraimeachtaí na coireachta a urghabháil agus a choigistiú agus maoin chalctha, urghafa agus choigistithe a bhainistiú, agus tosaíocht a thabhairt d'urghabháil agus do choigistiú sócmhainní ag an teorainn; (8) a léiriú go bhfuiltear ag tabhairt faoi imscrúduithe agus ionchúisimh maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta i gcomhréir leis an riosca; agus (9) cur chun feidhme éifeachtach córas smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe i leith maoiniú sceimhlitheoireachta agus maoiniú iomadaithe a léiriú agus cur chuige rioscabhunaithe a chur chun feidhme i leith eagraíochtaí neamhbhrabúis gan cur isteach ar ghníomhaíochtaí dlisteanacha eagraíochtaí neamhbhrabúis. In ainneoin an ghealltanais agus an dul chun cinn sin, níor thug Camarún aghaidh go hiomlán fós ar na hábhair imní a bhí ina gcúis le Camarún a chur le liosta FATF de 'Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu'. Dá bhrí sin, ba cheart Camarún a mheas mar dhlínse tríú tír a bhfuil easnaimh straitéiseacha aige ina chóras AML/CFT ar bagairt mhór iad ar chóras airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Threoir (AE) 2015/849.

(7) I mí an Mheithimh 2023, rinne Vítneam gealltanas polaitiúil ardleibhéil chun oibriú le FATF agus le Grúpa na hÁise agus an Aigéin Chiúin (APG), arb é a FATF é, chun éifeachtacht a chórais AML/CFT a neartú. Ó glacadh a thuarascáil mheastóireachta frithpháirtí i mí na Samhna 2021, tá dul chun cinn déanta ag Vítneam maidir le cuid de na gníomhaíochtaí a moladh sa tuarascáil meastóireachta frithpháirtí trí pháirt a ghlacadh sa Líonra Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní agus trí phlean gníomhaíochta náisiúnta a ghlacadh maidir le AML/CTF/maoiniú iomadaithe a chomhrac. Oibreoidh Vítneam chun a phlean gníomhaíochta FATF a chur chun feidhme tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) tuiscint riosca, comhordú baile agus comhar a mhéadú chun sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac; (2) an comhar idirnáisiúnta a fheabhsú; (3) maoirseacht rioscabhunaithe éifeachtach a chur chun feidhme le haghaidh institiúidí airgeadais agus gnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe; (4) gníomhaíocht a dhéanamh chun sócmhainní fíorúla agus soláthraithe seirbhísí sócmhainní fíorúla a rialáil; (5) aghaidh a thabhairt ar easnaimh maidir le comhlíonadh teicniúil, lena n-áirítear i ndáil leis an gcion sciúrtha airgid, smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe, dícheall cuí custaiméara agus tuairisciú idirbheart amhrasach; (6) gníomhaíochtaí teagmhála for-rochtana a dhéanamh leis an earnáil phríobháideach; (7) córas a bhunú lena soláthraítear faisnéis leordhóthanach, chruinn agus cothrom le dáta d'údaráis inniúla maidir le húinéireacht thairbhiúil; (8) neamhspleáchas AFA a áirithiú agus cáilíocht agus cainníocht na hanailíse agus na scaipthe faisnéise airgeadais a fheabhsú; (9) tosaíocht a thabhairt d'imscrúduithe airgeadais comhthreomhara agus

méadú ar líon na n-imscrúduithe agus na n-ionchúiseamh sciúrtha airgid a dhéantar a léiriú; agus (10) a léiriú go bhfuil faireachán á dhéanamh ar institiúidí airgeadais agus ar ghnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe i ndáil le comhlíonadh oibleagáidí smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe i leith iomadú a mhaoiniú agus go bhfuil comhar agus comhordú ann idir na húdaráis chun cosc a chur le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe i leith maoiniú iomadaithe a imghabháil. In ainneoin an ghealltanais agus an dul chun cinn sin, níor thug Vítneam aghaidh go hiomlán fós ar na hábhair imní a bhí ina gcúis le Vítneam a chur le liosta FATF de 'Dhlínsí a bhfuil Faireachán Méadaithe á dhéanamh orthu'. Dá bhrí sin, ba cheart Vítneam a mheas mar dhlínse tríú tír a bhfuil easnaimh straitéiseacha aige ina chóras AML/CFT ar bagairt mhór iad ar chóras airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Threoir (AE) 2015/849.

(8) Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, gur cheart a mheas go bhfuil Camarún agus Vítneam ina ndlínsí tríú tír ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcóras AML/CFT féin, ar easnaimh iad atá ina mbagairt mhór ar chóras airgeadais an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart Camarún agus Vítneam a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I bpointe I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmlingthe (AE) 2016/1675, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

'Uimh.	Tríú tír ardriosca ([1])
1	an Afganastáin
2	Barbadós
3	Buircíne Fasó
4	Camarún
5	Oileáin Cayman
6	Poblacht Dhaonlathach an Chongó
7	Giobráltar
8	Háití
9	Iamáice
10	an Iordáin
11	Mailí
12	Mósaimbíc
13	Maenmar
14	an Nigéir
15	Panama
16	na hOileáin Fhilipíneacha
17	an tSeineagáil
18	an Afraic Theas
19	an tSúdáin Theas
20	an tSiria
21	an Tansáin
22	Oileán na Tríonóide agus Tobága
23	Uganda
24	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
25	Vanuatú
26	Vítneam
27	Éimin

([1]) Gan dochar do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne maidir le ceannasacht agus dlínse i ndáil le críoch Ghiobráltar.'.